**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Buiséid*

**2018/0152(COD)**

23.1.2019

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, Rialachán (CE) 2017/2226, Rialachán (CE) 2016/399, Rialachán (CE) XX/2018 [An Rialachán um Idir-inoibritheacht], agus Cinneadh 2004/512/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (COM(2018)0302 – C8-0185/2018 – 2018/0152(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Bernd Kölmel

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Aontaíonn an Rapóirtéir le cuspóir an togra ón gCoimisiún maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) a neartú chun an nós imeachta um iarratas ar víosa a éascú, chun seiceálacha ag pointí trasnaithe teorann seachtraí agus laistigh de chríoch na mBallstát a éascú agus a neartú, agus chun feabhas a chur ar shlándáil inmheánach limistéar Schengen trí mhalartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú maidir le náisiúnaigh tríú tír ar sealbhóirí víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe iad. Leis sin, cuirfear feabhas ar an tslándáil laistigh den Aontas agus ag a theorainneacha, éascófar an ceart atá ag taistealaithe dlisteanacha chun an teorainn sheachtrach a thrasnú agus chun gluaiseacht faoi shaoirse agus fanacht laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, agus éascófar bainistiú teorainneacha seachtracha limistéar Schengen.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil údar maith leis an gcostas measta do bhuiséad AE agus go bhfuil sé comhréireach, ach impíonn sé ar an gCoimisiún, eu-LISA, Frontex, Europol, CEPOL agus na Ballstáit chun an leibhéal is airde cost-éifeachtúlachta is féidir a áirithiú.

Déanann an Rapóirtéir roinnt forálacha maidir le tuairisciú agus le meastóireacht a neartú, d’fhonn é a chur ar chumas an údaráis bhuiséadaigh súil ghéar a choinneáil ar fhorbairt agus ar fheidhmiú VIS atreisithe.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Gan dochar don fhreagracht atá ar na Ballstáit i ndáil le cruinneas na sonraí a iontráiltear in VIS, ba cheart d’eu-LISA a bheith freagrach as cáilíocht sonraí a athneartú trí uirlis lárnach faireacháin cáilíochta sonraí a thabhairt isteach, agus as tuarascálacha a sholáthar do na Ballstáit go tráthrialta. | (43) Gan dochar don fhreagracht atá ar na Ballstáit i ndáil le cruinneas na sonraí a iontráiltear in VIS, ba cheart go mbeadh eu-LISA freagrach as cáilíocht sonraí a athneartú trí uirlis lárnach faireacháin cáilíochta sonraí a thabhairt isteach***, a chothabháil agus a uasgrádú go leanúnach***, agus as tuarascálacha a sholáthar do na Ballstáit go tráthrialta. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Ionas gur féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar úsáid VIS chun anailís a dhéanamh ar threochtaí a bhaineann le brú imirce agus bainistiú teorainneacha, ba cheart go bhféadfadh eu-LISA acmhainn a fhorbairt chun tuairisciú staidrimh do na Ballstáit, don Choimisiún, agus don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus ***Cósta*** gan sláine na sonraí a chur i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart lárstóras staidrimh a bhunú. Ní ceart sonraí pearsanta a bheith sna staitisticí a tháirgtear. | (44) Ionas gur féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar úsáid VIS chun anailís a dhéanamh ar threochtaí a bhaineann le brú imirce agus bainistiú teorainneacha, ba cheart go bhféadfadh eu-LISA acmhainn a fhorbairt chun tuairisciú staidrimh do na Ballstáit, don Choimisiún, agus don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus ***Cósta*** gan sláine na sonraí a chur i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart lárstóras staidrimh a bhunú. Ní ceart sonraí pearsanta a bheith sna staitisticí a tháirgtear. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46 a) Leis an Rialachán seo, trí thacú leis na cuspóirí atá leis a bhaint amach (nósanna imeachta maidir le hiarratais ar víosaí a shainaithint, daoine ar iarraidh a shainaithint, cúnamh a thabhairt chun daoine a shainaithint agus a chur ar ais agus trí chabhrú le húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí iarratasóirí ar víosaí), áiritheoidh na Ballstáit coigilteas maidir leis sin ina mbuiséid náisiúnta faoi seach.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 – pointe d**
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 29 – mír 2a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Déanfaidh an t-údarás bainistíochta mar aon leis an gCoimisiún sásraí uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus nósanna imeachta maidir le seiceálacha cáilíochta a dhéanamh ar na sonraí in VIS, déanfaidh siad iad a fhorbairt ***agus*** a chothabháil agus soláthróidh siad tuarascálacha ar bhonn rialta do na Ballstáit. Soláthróidh an t-údarás bainistíochta tuarascáil ar bhonn rialta do na Ballstáit agus don Choimisiún ar na rialuithe cáilíochta sonraí. | Déanfaidh an t-údarás bainistíochta mar aon leis an gCoimisiún sásraí uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus nósanna imeachta maidir le seiceálacha cáilíochta a dhéanamh ar na sonraí in VIS, déanfaidh siad iad a fhorbairt***,*** a chothabháil ***agus a uasghrádú go leanúnach*** agus soláthróidh siad tuarascálacha ar bhonn rialta do na Ballstáit. ***Áiritheoidh*** an t-údarás bainistíochta ***leibhéil leormhaithe d'fhoireann atá oilte go gairmiúil chun go gcuirfí chun feidhme na nuálaíochtaí teicniúla agus na huasghráduithe is gá chun na sásraí rialaithe cáilíochta sonraí a oibriú***. ***Soláthróidh an t-údarás bainistíochta*** tuarascáil ar bhonn rialta do na Ballstáit agus don Choimisiún ar na rialuithe cáilíochta sonraí. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 38**
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 50 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Gach dhá bhliain, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil VIS, lena n-áirítear slándáil ***an chórais sin***, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin. | 3. Gach dhá bhliain, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil VIS, lena n-áirítear slándáil an chórais sin ***agus na costais a ghabhann leis***, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin. ***Beidh san áireamh sa tuarascáil sin forléargas ar dhul chun cinn reatha maidir le forbairt an tionscadail agus na costais a ghabhann leis, measúnú tionchair airgeadais, agus faisnéis maidir le haon saincheisteanna teicniúla agus rioscaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chostas foriomlán an chórais.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 38**

Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 50 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. I gcás moilleanna le linn an phróisis forbartha, cuirfidh eu-LISA Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas a luaithe agus is féidir faoi na cúiseanna a bhaineann leis na moilleanna agus faoina dtionchar i dtéarmaí ama agus airgeadais.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 38**
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 50 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Gach ***ceithre*** bliana, déanfaidh an Coimisiúin meastóireacht fhoriomlán ar VIS. Áireofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin scrúdú ar na torthaí a fuarthas de réir na gcuspóirí a bhí ann, agus measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunréasúnachta, ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le VIS, ar shlándáil VIS, ar an úsáid a baineadh as na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 31 agus ar aon impleachtaí ar oibríochtaí amach anseo. Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. | 5. Gach ***dhá*** bhliain, déanfaidh an Coimisiúin meastóireacht fhoriomlán ar VIS. Áireofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin scrúdú ar na torthaí a fuarthas de réir na gcuspóirí a bhí ann ***agus na costais a tabhaíodh***, agus measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunréasúnachta, ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le VIS, ar shlándáil VIS, ar an úsáid a baineadh as na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 31 agus ar aon impleachtaí ar oibríochtaí amach anseo. Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, Rialachán (CE) 2017/2226, Rialachán (CE) 2016/399, Rialachán (CE) XX/2018 [An Rialachán um Idir-inoibritheacht], agus Cinneadh 2004/512/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2018)0302 – C8-0185/2018 – 2018/0152(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>2.7.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>2.7.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Bernd Kölmel<br>28.6.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 21.11.2018 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nedzhmi Ali, Jonathan Arnott, Jean Arthuis, Reimer Böge, Gérard Deprez, Manuel dos Santos, André Elissen, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Esteban González Pons, Ingeborg Gräßle, Iris Hoffmann, Monika Hohlmeier, John Howarth, Bernd Kölmel, Zbigniew Kuźmiuk, Siegfried Mureşan, Liadh Ní Riada, Jan Olbrycht, Răzvan Popa, Paul Rübig, Petri Sarvamaa, Jordi Solé, Patricija Šulin, Eleftherios Synadinos, Indrek Tarand, Isabelle Thomas, Inese Vaidere, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karine Gloanec Maurin |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 27 | + |
|---|---|
| ALDE | Nedzhmi Ali, Jean Arthuis, Gérard Deprez |
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk, Bernd Kölmel |
| PPE | Reimer Böge, José Manuel Fernandes, Esteban González Pons, Ingeborg Gräßle, Monika Hohlmeier, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Paul Rübig, Petri Sarvamaa, Inese Vaidere, Patricija Šulin |
| S&d | Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Karine Gloanec Maurin, Iris Hoffmann, John Howarth, Răzvan Popa, Isabelle Thomas, Manuel dos Santos |
| VERTS/ALE | Jordi Solé, Indrek Tarand, Monika Vana |

| 3 | - |
|---|---|
| EFDD | Jonathan Arnott |
| ENF | André Elissen |
| GUE/NGL | Liadh Ní Riada |

| 1 | 0 |
|---|---|
| NI | Eleftherios Synadinos |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh